# Guth Ghoill

**Luach € 2.00**

## Samhradh 2013



***Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.***

**Fón: 074 9154830 / Facs: 074 9154830 / Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net**

# AN CLÁR

Spraoi ag an Champa Samhraidh 1
Tubaiste Farraige - an Prominent 3
Siopa Bronntanais i gCarraig Airt 6
Féile Drámaíochta i Ros Goill 7
Aisteoirí Mhíobhaigh 8
An Dán "Na Tránna" le P. Ó Cuilinn 9
Comórtas Ghlór na nGael 10
Oíche sa Síbín Ceoil
Campa Samhraidh Céim Aniar 11
Feadaímó 13
Ainmniú an Bháid Tarrthála
Cóineartú i bParóiste Mhíobhaigh 15
Na Dúnaibh (mar a bhí agus mar atá anois) 16

© Céim Aniar Teoranta

## Tubaiste Farraige - an Prominent.



Ar an Domhnach an t-aonú lá fichead de mhí Aibreán na bliana seo bhailigh scaifte daoine le chéile i Reilig Eaglais na Tríonóide Naofa i gCarraig Airt le comóradh céad bliain a dhéanamh ar bhád iascaireachta de chuid na hAlban a cailleadh amach ó cheann an Mhill Mhóir ar an 4ú lá de mhí na bhFuílleach 1913 agus ar cailleadh a raibh ar bord, naonúr iascaire. Ba seo an bád iascaireachta gaille (steam) an 'Prominent'. Nach iontach an rud é gur tharla a leithéid de thubaiste amach ó chósta Ros Goill agus nár chuala an mhuintir is sine atá beo anseo sa phobal iomrá ar bith uirthi fán cheantar ariamh. Tá sé deacair a thuiscint cad chuige a raibh sin amhlaidh?

Ba seo tréimhse a raibh tionscal na hiascaireachta faoi lán seoil sna Dúnaibh ach is cinnte fosta go raibh bádaí móra gaille na hAlban (drifters) ag cur as go mór den phobal iascaireachta áitiúil mar go raibh siad níos mó agus níos gaiste agus de thairbhe sin de bhí siad ábalta níos mó iasc a iompar agus a bheith istigh ag an mhargadh níos luaithe ná na bádaí seoil, sin na Zulus a raibh bunadh na háite ag iascaireacht orthu. Ba ghnách le cabhlach iascaireachta na hAlban a theacht 'na nDúnaibh do shéasúr na hiascaireachta achan bhliain ach níl muid cinnte caidé an cineál caidrimh a bhí idir iascairí na hAlban agus bunadh na háite nó an cineál fáilte a cuireadh rompu. Mheas William Micks, an fear a bhí ina rúnaí le linn an ama sin ar Bhord na gCeantar Cúng agus an fear is mó a bhí taobh thiar den fhorbairt a rinneadh ar thionscal na hiascaireachta sa Chontae seo ag an am, go raibh an Rialtas thar a bheith neamartach nuair nár socraíodh srian a chur leis an chor scadáin a dtiocfadh le bádaí móra na hAlban a chur i dtír, sa dóigh is go dtiocfadh le bunadh na háite a mbeatha a thabhairt i dtír ar an fharraige. Cha raibh iascairí na Contae seo ábalta coimhlint leis na bádaí móra. De thairbhe seo uilig d'fhéadfadh sé go raibh teannas i measc na n-iascairí ach níl fhios agam an raibh sé comh domhain sin agus go ndéanfaí dearmad de thubaiste farraige a raibh caill comh mór sin ag baint leis. Dar ndóigh thosaigh an Chéad Cogadh Domhanda an bhliain ina dhiaidh sin agus b'fhéidir gur dearnadh dearmad de chuid mhór rudaí. Cibé ar bith cha raibh iomrá ar bith ar an 'Prominent' go dtí gur shocraigh daoine muinteartha an chriú go gcuirfí plaic cuimhneacháin suas os cionn na háite a bhfuil beirt acu curtha le chéile i Reilig na Tríonóide Naofa i gCarraig Airt.

### An Prominent.

Na tógálaithe bád, Mackie & Thompson, as Govan na hAlban a thóg an drifter seo sa bhliain 1908. Tógadh an bád do J.D agus A. More, & Richard Irvine & Son as Burghead (Am Broch i nGaeilge na hAlban). Bhí sí ar cheann de na drifters a tháinig go cósta Dhún na nGall go rialta d'iascaireacht na scadán.

Tá Burghead, ina bhfuil daonra de 1,500 duine, suite i Moray in Albain. Tá suíomh aige ar leithinis atá síneadh siar ó thuaidh isteach sa Moray Firth in Oir-Thuaisceart na tíre. Macasamhail cuid mhór bailte beaga eile ar chósta na hAlban agus na hÉireann ba bhaile beag iascaireachta a bhí ann tráth den tsaol a bhí ag brath cuid mhór ar fhómhar na farraige. Ní hamhlaidh an scéal sa lá atá inniu ann.




Tá Burghead agus ceantar an Moray, i gcoitinne, ag brath go mór sa lá atá inniu ann ar dhá stáisiúin de chuid an R.A.F atá suite sa cheantar, ceann acu ar achan taobh de Burghead. Sa bhliain 2005 b'fhiú £156.5 milliún d'eacnamaíocht an Moray na stáisiún seo agus bhí siad freagrach as 21% d'fhostaíocht an cheantair. San am a chuaigh

thart bhí an ceantar seo ag brath go mór ar an iascaireacht, go háirithe iascaireacht na scadán, ach sa lá atá inniu ann níl ach 2% den daonra fostaithe i dtionscal na hiascaireachta. Níl orainn le dhul go hAlban leis na hathruithe atá titithe amach i dtionscal na hiascaireachta a fheiceáil agus a thuiscint!

**An Prominent in Éirinn.**




Sheol an Prominent amach as Burghead ar an tríú lá fichead de mhí na Nollag 1912. Bhí a n'aghaidh ar na Dúnaibh d'Iascaireacht scadán an Gheimhridh; mhair an iascaireacht seo ó lár mhí na Nollag go deireadh mí Feabhra. B'iontach an rud é gur fhág siad an baile cúpla lá roimh an Nollag ach caithfear a chur san áireamh gurbh le comhlachtaí móra cuid mhaith de na drifters seo agus bhí ar iascairí déanamh mar a iarrtaí orthu. Lena chois sin ba ghnáth le hiascaireacht mhór a bheith ann go minic ag tarraingt ar an Nollaig agus isteach sa bhliain úr. Chosain na bádaí seo os cionn trí mhíle punt ag an am agus bhí siad thar a bheith doiligh a reáchtáil agus de thairbhe sin de cha raibh am ar bith le bheith ina shuí thart. Ar bord bhí John More (scipéir), Alexander More, Alexander Main, James Main agus Donald Main. Rinne an chúigear seo an turas seo na cúig bliana roimhe sin. Ina gcuideachta bhí John More Main, Alex Cumming (innealtóir), Charles Cumming (stoker) agus William Main, an cócaire. Leofa fosta bhí madadh beag raibh Duxie air, agus is cosúil go dtear sé na turasanna iascaireachta seo go minic leo. Roimh am chanáil Caledonia ba thuras fada go leor a bheadh ann ó Burghead 'na nDúnaibh, suas go tuaisceart na hAlban, fríd an Pentland Firth agus ansin anuas cósta thiar na hAlban. Ach rinne an canáil an turas a ghiorrú go mór agus bhí an canáil foscailte fán am seo. Thagadh siad anuas ó Inverness go Fort William, as sin go Oban agus anall 'na nDúnaibh.



*Alexander Main*

Níl mórán iomrá eile fán bhád ná fá shéasúr na hiascaireachta i ndiaidh di ceann scríbe a bhaint amach, go díreach cibé an méid eolais a bhí sna litreacha deireanacha a shroich Burghead. De ghnách scríobhtaí agus chuirtí na litreacha seo sa phost ar an Domhnach agus ba é an scéala deireanach a fuair na teaghlaigh ná go raibh na hiascairí uilig ag déanamh go maith ach go raibh drochaimsir amach ann an tseachtain roimhe sin. Mheas siad go mbeadh siad ag tabhairt aghaidh ar an bhaile gan mhoill muna n-athródh rudaí ach dá dtiocfadh biseach ar an aimsir go bhfanfadh siad seachtain eile. Ar an drochuair bhí an bád agus an chriú caillte sular shroich na litreacha deireanacha seo Burghead.

**Mar a cailleadh an Prominent.**

Ar an Sathairn an chéad lá de Feabhra bhí an Prominent agus cúpla drifter eile, an Radiant agus an Weal, ar ancaire ag Lag na hUillinne. Tráthnóna Dé Luain an tríú lá, i dtrátha an ceathair a chlog, d'fhág siad Lag na hUillinne le dhul sa tóir ar na scadáin, an Radiant ar dtús, an Prominent 'na diaidh agus an Weal ansin. Bhí an aimsir go measartha, spéir ghlan agus an ghaoth aniar. Chuir an Prominent a cuid eangacha san fharraige



*Lag na hUillinne*




cúpla míle amach ó cheann an Mhill Mhóir in aice le carraig a dtugtar an Limeburner uirthi. Bhí an charraig seo marcáilte le bulla feadóige (whistling buoy) ag an am, bulla a raibh feadóg feistithe de agus ba oibriú na dtonnta a shéid an fheadóg. Bhí an fheadaíl seo mar chomhartha do bhádaí coinneáil ar shiúl. Ach de réir cosúlachta cha raibh mórán maitheasa sa bhulla seo le linn drochaimsire mar nach raibh solas ar bith air agus bheadh sé deacair fuaim na feadóige a chluinstin thar bhúirtheach na dtonnta. An radharc dheireanach a fuair scipéir an Radiant, John Ralph, ar an Prominent bhí sí i ndiaidh Ceann an Mhill Mhóir a ghlanadh agus a cuid soilse lasta aici. Bhí seo i dtrátha leath i ndiaidh a cúig. Idir meán oíche agus a haon d'éirigh farraige throm ann agus ba timpeall an dó a chlog a fuarthas an radharc dheireanach den Prominent agus í ag cur a cuid eangach arís, cóngarach den Limeburner. Is ag Dia amháin atá fhios caidé a thit amach ina dhiaidh sin. Dé Máirt an ceathrú lá thosaigh raic a theacht i dtír - píosaí adhmaid agus deiric, agus ansin cúpla míle ar thaobh na Maoil Ruaidhe de Theach Solais Fhánada tháinig baoithe tarrthála (lifebuoys) 'na chladaigh agus marcáilte orthu bhí ''Prominent, INS 599''

Níl a fhios ag duine ar bith go cinnte agus cha bhíonn fhios a choíche caidé a tháinig den Prominent ach is cinnte go mbeidh a mbarúlacha fhéin ag cuid mhór daoine, mar a bhí ag an am,



*Eaglais na Tríonóide Naofa i gCarraig Airt*

agus go háirithe ag páipéirí na linne sin in Éirinn agus in Albain.

Ar an 6ú Feabhra a tháinig corp an mhadaidh i dtír agus d'aithin criú an Radiant é. Cuireadh é ar an chladach agus tugadh a choiléar ar ais go Burghead. Fuarthas beirt de na coirp ag tús mí Márta agus tá siad curtha in aice leis an bhalla i Reilig na Trionóide Naofa i gCarraig Airt. Dar ndóigh, de thairbhe na coirp a bheith an fhad sin san fharraige, cha raibh dóigh ar bith a dtiocfaí iad a aithint. Bhí coirp eile le feiceáil fá na carraigeacha fosta ach níodh amach 'na farraige iad sula bhfuarthas deis a dtabhairt i dtír. Is cinnte go raibh Burghead croíbhriste nuair a fuarthas scéala go raibh an bád caillte. De thairbhe na tubaiste seo fágadh seisear ban ina mbaintrí agus ocht bpáiste is fiche gan athair.




Go ndéana Dia trócaire orthu uilig

## Siopa Bronntanais i gCarraig Airt




Achan uair a thógann tú páipéar nuachta nó achan uair a chuireann tú air an teilifís, níl le feiceáil nó le cluinstin ach droch-scéalta faoin chúlú eacnamaíochta (recession) agus na gnóthaí go léir atá ag druidim síos. Mar sin, is deas an rud a bheith ábalta tuairisc a scríobh ar ghiota de dhea-scéal. Tá mé ag déanamh tagartha d'oscailt siopa 'Joy' i gCarraig Airt ar na mallaibh.

Bhí Joy Buchanan í féin ag inse domh go raibh sé leath chéad bliain ó thosaigh sí ag obair d'Áine Bean Uí Bhuaidhe (Anne Gardiner) sa siopa ceimiceora sa bhliain 1962. Nuair a d'éirigh Bean Uí Bhuaidhe as an obair sa bhliain 1992, lean Joy agus a fear céile, Bobby ar aghaidh i ngnó na mbronntanas go dtí an bhliain 2012. Thuill siad an-cháil mar gheall ar fheabhas a dtáirgí agus déarfainn gur de dheasca na cáile seo a fuair na húinéirí úra an spreagadh le siopa bronntanais úr a oscailt i nduibheagán an chúlaithe eacnamaíochta .

Cé hiad na húinéirí úra seo? Is greannmhar le rá nár casadh ar a chéile an bhean Albanach darbh ainm Rena Ní Dhochartaigh agus an bhean Sasanach, Lindsey Clarke, go dtí gur thosaigh an bheirt acu ar fhoghlaim na Gaeilge i rang Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) sna Dúnaibh! Níl a fhios agam cá mhéad Gaeilge a d'fhoghlaim siad ach bhí cuar foghlama de chineál inteacht ag dul ar aghaidh mar d'fhoghraigh siad go raibh siad ag dul isteach i ngnó le chéile agus go raibh siopa 'Joy' á oscailt acu, rud a rinne siad ar an 15ú Márta i mbliana.

'Nuair nach bhfuil rud briste, ná cóirigh é'. Seo an mana a lean siad agus dá bhrí sin, tá bronntanais den scoth le fáil arís sa siopa úr seo, *Galánta Gifts*. Tá idir seodra, cumhráin, potaireacht, criostal, obair ealaíne, pictiúir, leabhair, grianghraif, cártaí poist agus a lán, lán eile ar fáil ann. Tá luach agus margadh le fáil ann a ndéanfá siúl fada le teacht ar a mhacasamhail áit ar bit eile. Mar sin, guímid gach rath orthu agus bígí cinnte go dtugann sibh tacaíocht dó bhur siopa bronntanais áitiúil.



*Ó chlé: Lindsey Clarke agus Rena Ní Dhochartaigh*

### Seanfhocal

*Geimhreadh ceoch;*
*Earrach reoch;*
*Samhradh riabhach;*
*Fómhar grianach*
***

# Drámaíocht i Ros Goill

*Scríobhann Proinsias Ó Cuilinn dráma úr d'Aisteoirí Mhíobhaigh achan bhliain agus cuirtear na drámaí seo i láthair i gColáiste Ros Goill sna Dúnaibh roinnt uaireanta i rith na bliana agus in áiteacha eile fríd an tír. I mbliana chuir na haisteoirí an dráma grinn "**An Deoraí Dorcha**" i láthair don chéad uair ar an tSrath Bán ar 24 Márta agus ansin ag **Féile Drámaíochta Chéim Aniar** i gColáiste Ros Goill ar an 6 Aibreán.  Cuireadh trí dhráma eile, le haisteoirí ó Charn Tóchair, ón Ómaigh agus ón tSrath Bán, ar an ardán ag an fhéile chomh maith. Bhí scaifte maith i láthair do na drámaí uilig agus bhain an lucht féachana an-sult agus pléisiúr as an deireadh seachtaine sin.*

*Féile Drámaíochta Chéim Aniar 2013*



Radharc as an dráma "An Pota Anraith" le hAisteoirí na gCopaleen, An tSrath Bán - Ann Mhic Conluain agus Gearóid Ó Deoráin



"An Deoraí Dorcha" le hAisteoirí Mhíobhaigh
Brídín Mhic Uiginn, Seán Ó Dochartaigh & Fíona Pasoma.

*Beidh deis amháin eile an dráma grinn, "**An Deoraí Dorcha**" a fheiceáil ag an léiriú deireanach i g**Colaiste Ros Goill**, Dé Luain, **5 Lúnasa**, ag toiseacht ag a 8 a chlog.*



Aisteoirí Charn Tóchair sa scéaldráma "Mac na Baintrí"
Marion Mhic Cionnaith, Diarmuid Ó Maolchalláin, Emer Nic Cionnaith agus Ciara de Barra.



Sos don tae! Ó chlé: Seán Ó Morónaigh (An Comhlachas Naisiúnta), Caoimhín Mac Giolla Uir (Aisteoirí na hÓmaí) agus Ann Mhic Conluain (Aisteoirí na gCopaleen).





***Aisteoirí Mhíobhaigh***
Ar chúl, ó chlé: Tommy Clyde (Bainisteoir Staitse), Seán Mac Laifeartaigh, Stiofán Ó Sibhleáin, Aodh Mac Laifeartaigh, Proinsias Ó Cuilinn, Seán Ó Dochartaigh, Seán Mac Giolla Bhríde agus Daragh Mac Laifeartaigh.
Chun tosaigh, ó chlé: Antain Mac Giolla Bhríde (Soilse), Seosamh Ó Cuilinn, Brídín Mhic Uiginn, Ailín Pasoma, Fíona Pasoma, Mícheál Pasoma agus Ann Marie Uí Shibhleáin.

*Ghlac Aisteoirí Mhíobhaigh páirt san Fhéile Náisiúnta Drámaíochta in Amharclann Chois Fharraige i gConamara at tús mí na Bealtaine agus d'éirigh leo dhá ghradam a bhaint i mbliana:*
*Gradam Scríbhneoireachta do Phroinsias Ó Cuilinn agus Gradam Foirne.*



Proinsias ag glacadh gradaim ó Aire Stáit na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich.



Mícheál Pasoma ag glacadh gradaim ar son Aisteoirí Mhíobhaigh.

*Rinneadh an dráma "An Deoraí Dorcha" a léiriú sna Dúnaibh cúpla uair ó shin agus ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le Niamh & Gavin Ó Sibhleáin as an seó damhsa a chur siad i láthair roimh an dráma ar 30 Bealtaine.*







# Na Tránna

le Proinsias Ó Cuilinn



*Tá an t-ádh orainn i Ros Goill le háilleacht ár dtránna,*
*Trá na nDúnaibh, Trá na Rosann, is Trá Mór.*
*Is minic a dtarraingteacht molta thar lear,*
*mar bíonn siad luaite i ngach cearn den domhan.*

* * *

*Tá tránna eile go flúirseach fán cheantar*
*nach gcluinfí fá dtaobh díobh i ngnáth chomhrá;*
*ach tá buanna dá gcuid fhéin ag na tránna céanna*
*is b'fhiú aitheantas a thabhairt dófa gan amhras.*

* * *

*Tá Trá na Faiche Buí 'gus Trá an Mhil Ghoirm*
*ar an Mheall Mhór le Trá áille na hEorna;*
*Luíonn cuid uisce na Maoile Ruaidhe ar Thrá Ghort na Luchóg*
*is í go sásta ag amharc anonn ar Fhánaid.*

* * *

*Tá Bá Íochtair i bhfolach siar ó dheas ón Mheall Mhór,*
*is a trá órga neadaithe ina hucht;*
*Amharcann Gleann Úraí is a thrá*
*ar aghaidh Chnoc na Sleá*
*is ar Pholl na Gréine níos faide amach.*

* * *

*Ar thrá bheag Bhá Shéamais ba mhinic tráthnóna*
*a chífeá páistí Dhún Dubháin 's iad ag snámh,*
*B'iomaí trá eile ar a mbeadh an rud céanna,*
*macasamhail Trá na Suathain le mallmhuir deas lag.*

* * *

*Tá Trá Dhumhaigh ansin againn gan foscadh, gan faoiseamh,*
*í faoi ionsaí na dtonnta go síoraí.*
*'Gus le Trá Loch an Arláin, is a' Trá Bheag istigh san áireamh*
*sin tránna Ros Goill daoibh go díreach.*

* * *




## Comórtas Ghlór na nGael 2012

Ar chlé anseo tá Aire Stáit na Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich ag bronnadh Bonn Airgid agus Duais Trasteorann Iontaobhas Ultach (€1.400) ar Pheigi Ryder, Cathaoirleach Céim Aniar, ag ócáid i gCaisleán Chluain Tarbh ar 20 Aibreán. Sa phictiúr fosta tá Cathaoirleach Ghlór na nGael, Pádraig Ó Ciardha.

## Oíche sa Síbín Ceoil

Bhí Oíche Ceoil agus Amhránaíochta againn sa Síbín Ceoil ar leis na páistí atá páirteach i gcuid imeachtaí Chéim Aniar. Bhí cúpla amhrán ó gach grúpa, ó na naíonáin ar aghaidh, le cuidiú ó Chaoimhín Mac a'Bháird agus Caoimhe Ní Mhaoileoin. Ansin bhí cúpla port ó na páistí a rinne freastal ar na ranganna ceoil le Máire Ghráinne Ní Chuilinn i rith an gheimhridh. Bronnadh na teastais ceoil ar na páistí sin agus bronnadh teastais ar na páistí a chuir obair mhór isteach sna drámaí i rith na bliana. Bronnadh gradaim ar bheirt ghasúr, Antain Ó Buaidhe agus Marcas Mac Giolla Bhríde, agus ar bheirt ghirseach, Síle Ní Threartaigh agus Sophie Ní Chonchúir,. a bhí ainmnithe mar rannpháirtithe na bliana ag imeachtaí Chéim Aniar. Chríochnaigh an oíche le ceol ó Chlann Uí Chuilinn agus ón aoi speisialta, Patsy Dan Mac Ruaidhrí as Toraigh.










## Oíche sa Síbín Ceoil





## Rannpháirtithe na Bliana ag Imeachtaí Chéim Aniar


Antain Ó Buaidhe


Síle
Ní Threartaigh


Marcas Mac Giolla Bhríde


Sophie Ní
Chonchúir

Comhghairdeas libh.

## Campa Samhraidh Chéim Aniar

Ghlac os cionn tríocha páiste páirt sa chéad champa samhraidh a bhí ar siúl ag Céim Aniar cúpla seachtain ó shin agus mar gheall ar an aimsir ghalánta a bhí againn, bhí cuid mhór de na himeachtaí a reáchtáil taobh amuigh, sa pháirc agus ar an trá. Bhain na páistí an-sult as an champa agus beidh muid ag súil le haimsir mhaith don chéad champa




## Campa Samhraidh Chéim Aniar

eile i mí Lúnasa. Chuir na paistí seó beag le hamhráin, dánta agus ceol uirlise i láthair ar an lá deireanach den champa agus bronnadh duaiseanna ar na páistí a rinne an iarracht is mó Gaeilge a labhairt i rith na seachtaine.










### Buaiteoirí na nDuaiseanna




*Dónall & Seán Mac Giolla Rua*




*Liam Mac Giolla Bhríde agus Seaghan Ó Colla*




*Antain Ó Buaidhe agus Lóirín Nic Giolla Bhríde*

# Feadaímó

Bhí Feadaímó agus Micí ar bharr ardáin ag amharc anuas ar lochanna Fhéar Manach. Bhí talamh foscailte idir iad fhéin agus an abhainn a bhí le trasnú acu le fáil isteach sna coillte a bhí ag fás go tiubh ar an bhruach ó dheas. Mar sin de bhí siad ag fanacht ar an oíche sa dóigh is nach bhfeicfeadh duine ar bith de na saighdiúirí a bhí sa tóir orthu iad. D'ith siad cuid de na prátaí fuara a bhí acu agus shocraigh siad síos ag coinneáil súile ar an radharc álainn thíos fúthu. Thit Micí ina chodladh agus d'fhág Feadaímó é agus shiúl sé thart ag déanamh cinnte nach raibh duine ar bith ag teacht ina dtreo. Mhothaigh sé fuacht sa ghaoth agus í ag neartú. D'amharc sé siar. Chonaic sé na scamaill throma dhubha ag tarraingt isteach orthu ón iarthar agus bhí a fhios aige go raibh stoirm shamhraidh ar an bhealach. Thosaigh an fhearthainn ag titim go trom ach cha raibh mórán d'fhoscadh acu ar an ardán. "Bhail, scrios Dé ar seo," arsa Micí agus é ag múscailt, "chan amháin go bhfuil abhainn le trasnú againn ach beidh muid báite sula ngeobhann muid a fhad leis ar chor ar bith." "B'fhéidir nach bea droch rud sin," arsa Feadaímó, "cha bhíonn mórán foinn ar na Dragoons nó ar na feirmeoirí móra a bheith amuigh ár gcuardach tráthnóna mar seo." Tharraing Micí blaincéad thart ar a chloigeann. "Leisce ar na feirmeoirí b'fhéidir, ach geallaim rud amháin duit, a Fheadaímó. Is rud eile ar fad é na Dragoons. Mharaigh sibh coirnéal dá gcuid agus rachadh na boic sin trí thine le sibh a fháil." "Chan mórán de thine a bheadh orthu dul fríd lá mar seo," arsa Feadaímó, agus thosaigh an bheirt acu ag gáire. De réir a chéile thit an dorchadas agus sula i bhfad cha raibh siad ábalta an abhainn a fheiceáil. "Tá sé in am dúinn bogadh," arsa Feadaímó, "tá shúil agam go bhfaigheas muid trasna na habhann sula n-éiríonn an ghrian arís." "Má fhaigheann," arsa Micí, "thig linn slán a ghabháil leis na Dragoons agus leis na feirmeoirí agus le achan duine eile ata ár leanstan." Tháinig aoibh ar aghaidh Fheadaímó agus é ag déanamh a bhealaigh chuig na capaill a bhí i bhfolach sa ghleann. Bhí rudaí ag dul go measartha dófa ag an bhomaite ach thiocfadh le sin athrú am ar bith. Cha raibh oíche suaimhnis aige ón lá a d'fhág sé na Dúnaibh. Idir ropairí ar an bhealach is iad ag tiomáint na tána agus saighdiúirí i gcathair Dhoire nó mairnéalaigh ar bhádaí agus iad ag teitheadh i ndiaidh dóibh Domhnall Ó Dála a scaoileadh saor ón phríosún i nDoire. B'fhada an lá ó mhúscail sé le scairt an choiligh ina leaba chompordach fhéin. É ina luí ag éisteacht le fuaimeanna an bhaile agus le glór binn a mháthar ag dul fríd an teach is í ag déanamh arán an lae agus amhrán i gcónaí i mbarr a béil. Chaith sé na smaointe sin as a chloigeann mar bheadh air a aird uilig a dhíriú ar thrasnú na habhann. Is stail a bhí sa chapall dubh agus bhí sé níos deacra a láimhseáil ná an láir donn nó an capall ballach agus ghlac Feadaímó a shrianta. Bhí an bháisteach níos troime agus an ghaoth níos láidre anois agus bhí an talamh sleamhain agus contúirteach. Bhí callán na habhann anois mar a bheadh toirneach ann agus smaoitigh Feadaímó ar an abhainn dheas chiúin a bhí ansin níos luaithe sa lá. "Sin mar atá," a dúirt sé leis fhéin. "Níl neart air agus caithfear glacaint leis. Bhí sé dubh dorcha nuair a rinne siad á mbealach go deas cúramach síos a fhad leis an abhainn agus na trí chapall leo. Chonaic siad go raibh an sruth i bhfad níos láidre ná mar a shíl siad agus bhí leisce ar na capaill dul a chóir. "Beidh sé doiligh na capaill a chur san uisce," arsa Micí agus é ag scairteadh, "b'fhéidir gur chóir dúinn dul siar píosa go bhfeicfidh muid an bhfuil áth ar bith." "Cha dtig linn," arsa Feadaímó, "thiocfadh linn an oíche a chaitheamh ag dul do sin agus gan fios de laghad againn fá cá bhfuil muid. Caithfidh muid í a thrasnú anseo mar níl an darna rogha againn." Fuair sé greim ar shrianta na gcapall lena lámh chlé agus sula raibh a fhios ag na capaill cad é a bhí ag tarlú tharraing sé iad isteach san abhainn fhiánta. Bheir an sruth orthu lom díreach agus d'imigh sé fhéin is na capaill sa tuile. Choinnigh sé greim teann ar na srianta agus fuair sé greim moinge ar an stail agus thosaigh sé a stiúradh amach san abhainn. Más faide amach a chuaigh siad sin más láidre a bhí an sruth agus mhothaigh Feadaímó nach raibh ceannas ar bith aige fána threoir. Chonaic Micí nach raibh dóigh ar bith amach as anois ach léimint isteach. Ghlac sé coiscéim chun deiridh, líon sé a scamhóga, chuir se paidir chun na flaithis agus léim sé isteach. Mhothaigh sé cumhacht na habhann agus é faoin uisce agus nuair a bhris a chloigeann amach san aer arís cha raibh Feadaímó nó na capaill le feiceáil.

Tháinig eagla air mar cé go raibh snámh aige bhí láidreacht an tsrutha a tharraingt faoin uisce. Bhí ór Fheadaímó ceangailte lena thaobh agus cha raibh an meáchan sin ag cuidiú leis ar chor ar bith. Chuala sé capall ag seitreach cóngarach dó ach cha raibh a fhios aige cé acu soir na siar a bhí sé. Le sin tháinig splanc tintrí agus las sé an oíche. Chonaic sé na capaill níos faide amach san abhainn agus bhuail sé amach ina dtreo. Cha raibh fuinneamh ar bith fágtha ann nuair a fuair sé greim ar dhiallait na lárach agus ghlac sé a anáil. "Caithfimid fáil amach as an tsruth seo," scairt Feadaímó leis. Cha raibh Micí ábalta freagra a thabhairt ach bhí a fhios aige go raibh an ceart ag Feadaímó. Bhí na capaill traochta agus cha raibh sé fhéin ábalta a dhath a dhéanamh ach greim teann a choinneáil ar an diallait.

Muna bhfaigheadh siad amach as an tsruth bheadh siad uilig caillte. Scaoil Feadaímó an greim a bhí aige

ar mhoing na staile agus leis na srianta ina lámh thosaigh sé ag snámh píosa ar phíosa ó dheas. De réir a chéile tháinig an bhruach níos cóngaraí dóibh ach bhí siad go fóill ag dul róthapaigh sa tsruth. Tháinig splanc eile tintrí agus chonaic Feadaímó go raibh crann sailleach ar an bhruach agus cuid de na craobhacha ag gobadh amach thar an abhainn. Le cibé unsa nirt a bhí fágtha ina chorp tharraing se na capaill níos cóngaraí don bhruach agus fuair sé greim ar cheann de na craobhacha. D'éirigh leis, ar feadh bomaite, deireadh a chur leis an rása ach le meáchan na gcapall agus le meáchan Mhicí agus é fhéin bhris an chraobh agus bhí siad ar shiúl arís. Bhí greim i rith an ama ag Feadaímó ar an chraobh agus bhí sin ag cuidiú leis an luas a ísliú rud beag. Thiontaigh an abhainn ar dheis i ndiaidh tamaill agus go tobann bhí siad amuigh as an tsruth. Bhí Feadaímó ábalta seasamh agus tharraing sé na capaill isteach go dtí an bhruach. Cha raibh ach b'fhéidir trí nó ceithre troighe d'uisce istigh san áit a raibh siad ach mar sin fhéin bhí an bruach ard go leor. D'amharc Micí amach ar an abhainn agus ar an sruth a bhí ag dul tharstu thart fá cúig shlat uatha agus chuaigh sé suas ar an bhruach mar a bheadh giorria ann. "M'anam le Dia," a dúirt sé, "chaith mé mo shaol ar an fharraige ach cha raibh mé ariamh chomh scartha is a bhí mé i lár na habhann sin." Chaith Feadaímó srianta na lárach chuige. "Tarraing leat anois mar a bheadh an diabhal ann," a dúirt sé. Cha raibh sé deacair na capaill a fháil amach as an abhainn agus chuaigh siad isteach sa choill ag cuardach foscaidh ón fhearthainn. Bhí crainn d'achan sóirt go tiubh sa choill seo agus chuir siad na capaill ar théada agus shuigh siad síos faoi sheanchrann feá. Thosaigh na capaill ag ithe na ndearcán a bhí ina luí achan áit agus cuma orthu go raibh dearmad ar fad déanta acu den abhainn agus den tsruth. "Amharcann siadsan sásta go leor ach níl pioc bia fágtha againne," arsa Micí.

Tharraing Feadaímó blaincéad fliuch amach as a mhála agus luigh sé síos. Bhí an fhearthainn ag laghdú go mór faoin am seo agus bhí foscadh breá acu faoin chrann feá. "Is cuma sa diabhal liom fá bhia ag an bhomaite seo," a dúirt sé, "caithfidh mise codladh a fháil. Tabhair cúpla uair domh sula músclaíonn tú mé."

"Déanfaidh mé sin," arsa Micí agus sheas sé ar eagla go dtitfeadh se fhéin ina chodladh. Nuair a mhúscail Feadaímó bhí an ghrian ard sa spéir agus d'éirigh sé.

"Cad chuige nár mhúscail tú mé, a Mhicí? Tá 'n mhaidin chóir a bheith caite agus gan a dhath déanta againn." Ansin fuair sé boladh éisc ag róstadh ar an tine. "Cuir sin i do ghob," arsa Micí agus thug sé breac iomlán dó ar chloch. Coimhéad tú fhéin, tá an chloch sin te agus ná habair nach bhfuil a dhath déanta.

Thug mé deoch do na capaill agus tá siad ar théada istigh níos doimhne sa choill áit a bhfuil féar le hithe acu. Tá leath dhosaen breac a róstadh anseo agam agus tá mála beag sméara dubha thall ansin duit. Bhéarfaidh tú fá deara nach bhfuil toit ar bith as an tine. Sin cleas a thaispeáin mo sheanathair domh blianta ó shin. Bá ghnáth leis poitín a dhéanamh sna cnoic agus muna raibh a fhios agat an cineál ceart adhmaid le húsáid sa tine cha bheifeá i bhfad ag dul dó" "Cad é'n dóigh ar bheir tú ar na bric?" Arsa Feadaímó. "Ó, leoga, furasta go leor," arsa Micí. "Slat choill, cúpla ribe amach as moing na lárach, duán déanta de bhior driseoga agus an rud is tábhachtaí den iomlán, cuileog atá beo i gcónaí amach as eangach fíodóra." D'amharc sé ar Fheadaímó agus thosaigh sé ag gáire. "Char chuir mise m'óige amú i mo luí sa leaba, a ghasúir." Thóg Feadaímó an mála beag, shuigh sé gan focal a rá agus d'íth sé an breac agus na sméara le sonas agus le sástacht. Chuir Micí breac eile ar chloch Fheadaímó ansin agus shuigh sé fhéin ar chrann a bhí leagtha agus líon se a bhéal le breac. "Thiocfadh linn seal a chaitheamh anseo, a Fheadaímó," a dúirt sé, "tá neart bia, neart foscaidh agus cothú do na capaill."

"Thiocfadh," arsa Feadaímó, "agus ta mé den bharúil gur chóir dúinn cúpla lá scíste a ghlacadh. Níl cuma ar an áit seo go mbíonn duine ar bith thart ach san am chéanna caithfidh muid a bheith cúramach. Níl mé ag iarraidh go bhfeicfeadh duine ar bith muid. Mar sin de caithfidh tú a bheith coimhéadach is tú ag iascaireacht." "Tá poll san abhainn thíos fúinn píosa agus é clúdaithe le crann saileach. Ní fheicfidh duine ar bith mé istigh ansin." "Maith go leor," arsa Feadaímó, "dhá lá anseo agus rachaidh muid ó dheas. Bá mhaith liom a bheith i Meiriceá roimh an Gheimhreadh."

Beidh tuilleadh sa chéad eagrán eile.

Ná tabhair breithiúnas ar obair leathdhéanta

## Ainmniú bád tarrthála.

Ar an Aoine, 31 Bealtaine rinne Aonad na Maoile Ruaidhe den Gharda Cósta an bád righin inséidte úr atá acu a ainmniú in ómós Rónán Ó Buaidh, fear a bhí ina bhall den aonad ach atá imithe ar shlí na fírinne le traidhfil blianta. Ghabh Trish, baintreach Rónán, buíochas leis an Gharda Cósta as an bád a ainmniú ina onóir agus dúirt sí go raibh a chroí san fharraige ó bhí sé ina ghasúr beag. Rinne Cassandra, iníon Rónán an bád a ainmniú go hoifigiúil nuair a bhain sí de an brat agus ansin bhí beannú éacúiméineach leis an Athair Cathal Ó Beirn i gcuideachta an tUrramach Chris Price agus an tUrramach Jim Hagan.




*Michelle Ní hAodha (Garda Cósta), Trish Uí Bhuaidh, Cassandra Ní Bhuaidh agus Dylan Ó Buaidh.*

Ar an tráthnóna céanna rinne an t-Aonad vása le plaic agus boinn a bhronnadh ar Hugo Boyle in aitheantas dá chuid tiomantais don Gharda Cósta i rith na mblianta. Tháinig Hugo ar bord sa bhliain 1993 agus chaith sé ocht mbliana déag mar bhall den Aonad.

*Ar dheis: Hugo agus Séamas Ó Gallachóir ón Gharda Cósta.*





Ár mbuíochas don ghrianghrafadóir, *Martin Fleming, as na pictiúr seo a chur ar fáil dúinn.*

## *Cóineartú i bParóiste Mhíobhaigh*



*An bhfuil tú sa phictiúr seo thuas nó an bhfuil aithne agat ar dhuine ar bith atá ann? Tá muid den bharúil b'fhéidir gur i 1952 nó 1955 a tógadh an grianghraf. Bheadh muid buíoch dá gcuirfeá glaoch orainn in oifig Chéim Aniar ar 074 9154830 má tá eolas ar bith agat. Ba mhaith linn na hainmneacha uilig a chur leis.*

# Na Dúnaibh, Co. Dhún na nGall






Údarás na Gaeltachta

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com